# Draft Library Development Plan
# Dréachtphlean Forbartha na Leabharlainne
# 2024 – 2028

Leabharlann Chiarraí
Kerry Library

www.kerrylibrary.ie

Seirbhís de chuid Chomhairle Contae Chiarraí
A service of Kerry County Council




# LEABHARLANN CHIARRAÍ
# KERRY LIBRARY

## Staidreamh 2022

# Cuspóirí Straitéiseacha agus Plean Gníomhaíochta Leabharlann Chiarraí 2024-2028

| | |
|---|---|
| 1 | **Léamh agus Litearthachta**<br>Déanfaidh Leabharlann Chiarraí soláthar ábhar léimh do gach cuid den phobal a éascú agus cuirfidh sí tacaíocht litearthachta in áit mar ghnáthchuid de na seirbhísí a bhíonn á tairiscint aici. |
| 2 | **Foirgnimh agus soláthar seirbhíse**<br>Cuirfidh Leabharlann Chiarraí leabharlanna nua-aimseartha inrochtana ar fáil agus déanfaidh sí plean chun spásanna leabharlainne poiblí agus acmhainní ar-líne a athnuachain chun go mbeidh siad ag teacht le héagsúlacht ár bpobail. |
| 3 | **Inmharthanacht agus Gníomhaíocht Aeráide**<br>Déanfaidh Leabharlann Chiarraí fiosrú gníomhach ar na roghanna inmharthana atá ar fáil agus í ag forbairt seirbhísí agus acmhainní chun go mbainfear amach na spriocanna ábhartha sa Phlean Aeráide, agus beidh sí chomh maith céanna ina bealach trína mbeidh fáil ag an bpobal ar eolas iontaofa. |
| 4 | **Staidéir Áitiúla, Cartlanna agus Cultúr**<br>Beidh Leabharlann Chiarraí ina stóras do thaifead foilsithe an chontae agus leanfaidh sí uirthi ina ról mar an institiúid is tábhachtaí maidir le stair áitiúil agus taighde acadúil agus ginealaigh bainteach leis an gcontae trína seirbhísí beo agus ar-líne araon. |
| 5 | **Ábhar Digiteach**<br>Déanfaidh Leabharlann Chiarraí forbairt agus leathnú ar úsáid teicneolaíochta reatha agus teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn chun rochtain sheasta ar ard-chaighdeán ar acmhainní ar-líne a chur ar fáil d'ár bpobail áitiúla agus an diaspóra níos leithne a bhíonn ag plé leis an tseirbhís leabharlainne. |
| 6 | **An Leabharlann mar Ionad Cruinnithe don bPobal**<br>Leanfaidh Leabharlann Chiarraí lena cumarsáid le pairtnéirí ábhartha agus súil againn le feabhas ar chur chun cinn agus sholáthar seirbhísí don bpobal. |
| 7 | **Margaíocht**<br>Déanfaidh Leabharlann Chiarraí forbairt ar straitéis mhargaíochta dírithe ar gach chuid den phobal a ghríosadh chun an leabharlann a úsáid níos mó. |
| 8 | **Foireann na Leabharlainne**<br>Leanfaidh Leabharlann Chiarraí ag forbairt scileanna fhoireann iomlán na leabharlainne agus ag cur traenáil leanúnach gairmiúil ar fáil chun go mbeidh siad in ann seirbhís d'ardchaighdeán a chur ar fáil do lucht úsáide ilchultúrtha. |
| 9 | **Measúnú agus Tionchar**<br>Déanfaidh Leabharlann Chiarraí athbhreithniú agus measúnú ar fheidhmíocht a cuid seirbhísí mar fhoinse eolais a chabhróidh le soláthar a fheabhsú agus a fhorbairt amach anseo. |

| | |
|---|---|
| 1. | Beidh réimse leathan leabhar, i bhformáid éagsúla, ar fáil ag gach pointe seirbhíse chun tacú leis an léamh ina bunchloch de chuid seirbhís na Leabharlainne. |
| 2. | Leanfaimid orainn ag éascú rochtana don lucht úsáide ar an gcatalóg náisiúnta leabhar, an tseirbhís iarrtha leabhair agus an tseirbhís choimhdeach dáilte agus bailithe leabhar ag gach leabharlann. |
| 3. | Déanfaimid forbairt ar litearthacht, uimhríocht, scileanna cumarsáide agus seirbhísí digiteacha trí chur lenár mbailiúcháin do dhaoine fásta agus leanaí araon. |
| 4. | Cuirfimid gach ceann den cheithre shruth den chlár náisiúnta tacaíochta litearthachta 'Right to Read' i bhfeidhm gach bliain – Scéalta Earraigh (Aibreán), tionscnamh léimh na leanaí 'Réalta an tSamhraidh' (Meitheamh go Lúnasa), Féile Leabhar na Leanaí (Deireadh Fómhair) agus tionscnamh Léitheoireacht an Teaghlaigh (Samhain go Nollaig). |
| 5. | Déanfaidh leabharlanna pairnéireachtaí le heagrais ábhartha chun tacú leis an straitéis náisiúnta Litearthacht Feadh an tSaoil. |
| 6. | Tabharfar tacaíocht don gcuraclam náisiúnta trí chur le húsáid bailiúchán na n-Úrscéalta Ranga, oll-iasachtaí agus acmhainní tacaíochta taighde ag gach scoil. |
| 7. | Cuirfimid rochtain ar fáil ar acmhainní agus cláir spriocdhírithe dóibh siúd atá néara-éagsúil, go bhfuil míchumais cheilte orthu, nó deacrachtaí foghlama acu. |
| 8. | Cuirfimid an Ghaeilge chun cinn trí sholáthar leabhar, tacaíocht foghlama agus deiseanna comhrá Gaeilge a chur ar fáil do dhaoine fásta agus leanaí araon. |
| 9. | Déanfaimid forbairt ar sheirbhísí agus bailiúcháin chun tacú le pobail nua. |
| 10. | Déanfaimid gach duine a bhíonn ag úsáid na leabharlainne a chumasú chun go mbeidh siad in ann teacht ar chlub leabhar 'beo' nó ar-líne atá oiriúnach dá aois agus cumas léitheoireachta. |
| 11. | Tacóimid le tionscnaimh léitheoireachta leithéid na himeachtaí náisiúnta 'Éire ag Léamh', cuairteanna údar agus scéalaíocht do leanaí i ngach leabharlann chraoibhe. |

| | |
|---|---|
| 12. | Cuirfimid seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil do gach duine a úsáideann an leabharlann, bunaithe ar dea-chleachtas agus caighdeáin fhaofa leabharlainne ar fud ghréasáin na leabharlann, an tseirbhís shoghluaiste agus an leabharlann fhíorúil do lucht úsáide digití. |
| 13. | Soláthróimid na huaireanta oscailte is fearr i ngach pointe seirbhíse leabharlainne anuas ar ghníomhaíochtaí for-rochtana le pairtnéirí áitiúla chun neartú agus forbairt a dhéanamh ar sholáthar seirbhíse ag gach leibhéal. |
| 14. | Leanfaimid orainn ag fiosrú modhanna malairteacha agus éifeachtacha soláthar seirbhíse i gceantracha tuaithe agus baile, go háirithe cian-rochtain ar acmhainní ar-líne d'ardchaighdeán. |
| 15. | Comhlíonfaimid na dualgais riachtanacha faoi Dhualgais an Earnála Poiblí agus Cearta Daonna. |
| 16. | Leanfaimid ag obair le Roinn Bainistithe Áiseanna Chomhairle Contae Chiarraí chun chothabháil a dhéanamh ar bhonneagar inmharthana leabharlainne a shásóidh riachtanais an phobail fad is a gcloífear leis na caighdeáin is airde tógala, éifeachtachta fuinnimh, is bainistíochta agus comhlíontachta caipitéil. |
| 17. | Déanfaimid teagmháil leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun leathnú agus forbairt a dhéanamh ar bhonneagar leabharlainne faoin gClár Cúig-Bhliana náisiúnta Leabharlann don tréimhse 2023-2027. |
| 18. | Déanfaimid athbhreithniú ar riachtanais spáis fhadtéarmacha don mbailiúchán agus do chaomhnú ceannachán uathúil cartlann Chiarraí amach anseo. |
| 19. | Cinnteoimid go ndéanfar ról na seirbhíse leabharlainne a chuimsiú mar chuid de Phlean Áitiúil Eacnaimaíoch agus Pobail Chiarraí 2023 – 2029. |
| 20. | Oibreoimid le rannóga agus áisíneachtaí eile rialtais chun fiosrú a dhéanamh ar fhoinsí maoinithe féideartha eile do thionscadail, le deiseanna forbartha ar acmhainní na leabharlainne san áireamh. |

| | |
|---|---|
| 21. | Cinnteoimid go mbeidh gach forbairt nua leabharlainne ag teacht le coincheap an deartha uilíoch agus go mbeidh spás scartha ilfheidhme ina chuid de a bheidh oiriúnach d'imeachtaí a reachtálfar. |
| 22. | Cuirfimid cur i bhfeidhm seirbhíse ar-líne *My Open Library* chun cinn de réir an cur chuige atá leagtha síos ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. |
| 23. | Déanfaimid athbhreithniú ar úsáid reatha na leabharlainne ó thaobh staidéir agus spásanna do lucht úsáide agus maidir le síneadh ar chláir spriocdhírithe a chur i bhfeidhm, athchóirithe agus forbairtí seirbhíse a chomhlíonann riachtanais aitheanta pobal áitiúil. |
| 24. | Cuirfimid bonneagar ard-leibhéil digiteach i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais seirbhíse nuaimseartha leabharlainne poiblí. |
| 25. | Déanfaimid athbhreithniú agus forbairt ar na sruthanna éagsúla seirbhíse, le seirbhísí do leanaí le riachtanais chasta néara-éagsúla, daoine atá gafa ina dtigh, déagóirí agus daoine fásta óga, daoine breacaosta, seirbhísí sláinte agus folláine san áireamh. |
| 26. | Déanfaimid tógáil ar rath na seirbhíse soghluaiste leabharlainne agus fiosrú ar na deiseanna chun leathnú a dhéanamh ar an tseirbhís atá ar fáil faoi láthair i gceantracha tuaithe. |
| 27. | Déanfaimid éascú ar chláir litearthachta agus léitheoireachta ar fud an chontae agus beidh ról gníomhach againn i straitéisí 10 mbliana litearthachta, uimhríochta agus litearthachta digití an rialtais (2021). |
| 28. | Cuirfimid le leibhéal na seirbhísí do dhéagóirí agus daoine fásta óga, agus spreagfaimid a n-úsáid ar sheirbhísí leabharlainne trí chumarsáid leis an earnáil oideachais, Comhairle na nÓg agus eagrais óige. |

| | |
|---|---|
| 29. | Tabharfaimid tacaíocht don aistriú go timpeallacht ar charbón íseal trí athbhreithniú ar úsáid fuinnimh i ngach foirgneamh leabharlainne chun teacht le spriocanna Chomhairle Contae Chiarraí de laghdú 51% ar astaíochtaí agus feabhas de 50% ar éifeachtacht fuinnimh faoi 2030. Táthar tar éis sprioc de Rátáil Fuinnimh Foirgnimh B2 ar a laghad a leagadh síos do gach foirgneamh poiblí. |
| 30. | Déanfaimid plean chun an flít d'fheithiclí leabharlainne a mhalartú ar fheithiclí atá níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de. |
| 31. | Mar fhoinse iontaofa eolais do gach pobal, is féidir leis an tseirbhís leabharlainne a stádas sa sochaí a úsáid chun tionchar dearfach a imirt maidir le litearthacht aeráide agus chun pobail a chumasú chun roghanna eolacha a dhéanamh timpeall ar shaol inmharthanach a chaitheamh, de réir an Phlean Gníomhaíochta Aeráide náisiúnta. |
| 32. | Soláthróimid rochtain don bpobal ar acmhainní praiticiúla a thacaíonn le sábháil, measúnú agus feasacht fuinnimh. |
| 33. | Déanfaimid gach iarracht go mbeidh an t-ábhar ar fad a bheidh á cheannach ag an leabharlann á fháil de réir treoirlínte maidir le soláthar glas, inmharthanacht agus athúsáid. |
| 34. | Beidh inmharthanacht á tabhairt san áireamh maidir le soláthar chlár imeachtaí agus taispeántais na leabharlainne. |
| 35. | Beidh cumarsáid á déanamh ag an leabharlann le hoifigigh Athraithe Aeráide agus Timpeallachta Chomhairle Contae Chiarraí maidir le Plean Gníomhaíochta Aeráide an Údaráis Áitiúil a sholáthar, agus feasacht phoiblí a mhéadú timpeall ar an athrú aeráide trí fhaisnéis a chur ar fáil trí chraobhacha agus greasán soghluaiste na leabharlainne. |

| | |
|---|---|
| 36. | Leanfaimid ar aghaidh le clár gníomhach bailithe ar ábhar staidéar áitiúil agus cartlainne Chiarraí, le glaoch oscailte ar dheontais ábhair go bhfuil tábhacht stairiúil ag baint leis do chontae Chiarraí san áireamh. |
| 37. | Soláthróimid réimse ginearálta d'imeachtaí cultúrtha, stairiúla agus ginealacha ar fud an chontae. |
| 38. | Cuirfidh Leabharlann Chiarraí tacaíocht ar fáil d'imeachtaí náisiúnta ag ceiliúradh chultúr na hÉireann, leithéidí Seachtain na Gaeilge, Cruinniú na nÓg, Bealtaine, Seachtain Oidhreachta agus Oíche Chultúir. |
| 39. | Leanfaimid orainn ag cur i bhfeidhm clár digitithe d'ábhar uathúil bainteach le Staidéir Áitiúla Chiarraí agus cinnteoimid caomhnú fadtéarmach agus rochtain ar ábhar digiteach. |
| 40. | Déanfaimid pleanáil maidir le riachtanais spáis don gcartlann agus athbhreithniú ar riachtanais spáis fhadtéarmach do bhailiú agus caomhnú ábhar uathúil ó Chiarraí amach anseo. |
| 41. | Soláthróimid rochtain ar fhoinsí ginealacha caighdeánacha náisiúnta ar-líne, i dteannta rochtain sa leabharlann féin ar réimse de bhunachair sonraí áirithe ar-líne do stair clainne. |
| 42. | Fiosróimid na féidearthachtaí maidir le forbairt a dhéanamh ar chóras uathoibríoch aisghabhála do bhailiúchán cartlainne Chiarraí. |

| | |
|---|---|
| 43. | Déanfaimid uasghrádú ar nascacht na leabharlainne go luas gigibheart i ngach craobh. |
| 44. | Déanfaimid uasghrádú ar luas WiFi i ngach craobh de chuid na leabharlainne chun seirbhís d'ardchaighdeán ar ardluas a chur ar fáil do gach duine den lucht úsáide. |
| 45. | Soláthróimid crua-earraí agus bogearraí oiriúnacha teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide don lucht úsáide poiblí ar acmhainní digiteacha i ngach leabharlann. |
| 46. | Soláthróimid traenáil agus tacaíochtaí foghlama ar-líne mar chuid de chláir ionchuimsithe litearthachta meán agus digiteachta. |
| 47. | Leanfaimid orainn ag forbairt gnéithe agus feidhmíocht suímh gréasáin na leabharlainne www.kerrylibrary.ie mar chraobh dhigiteach leabharlainne 24/7. |
| 48. | Soláthróimid rochtain, idir rochtain fhisiciúil sa leabharlann agus cian-rochtain, ar acmhainní atá soláthraithe go náisiúnta ag leabharlanna le feachtais leanúnacha bolscaireachta chun feasacht agus úsáid a mhéadú. |
| 49. | Oibreoimid le foirne tionscadail na Moil Nasctha agus Pointí Nasctha Leathanbhanda chun fiosrú a dhéanamh ar leathnú agus feabhsú úsáid inmharthana poiblí ar acmhainní digiteacha na leabharlainne, le forbairt cláir oideachais STEM/STEAM san áireamh. |
| 50. | Leanfaimid orainn ag tapú na ndeiseanna a chuireann na meáin shóisialta, soghluaiste agus cruthaitheacha ar fáil chun seirbhísí a a thairiscint agus a chur ar fáil don bpobal. |

| | |
|---|---|
| 51. | Neartóimid caidrimh le seirbhísí eile, leithéidí Gréasán Rannpháirtíochta Poiblí Chiarraí, Music Generation Kerry, agus rannóga Ealaíon, Turasóireachta, Athrú Aeráide, agus Pobail Chomhairle Contae Chiarraí. |
| 52. | Soláthróimid seirbhísí feabhsaithe trí chomhoibriú agus pairtnéireachtaí le rannóga rialtais, eagrais ábhartha náisúnta agus áitiúla, agus eagrais reachtúla agus neamhreachtúla. |
| 53. | Soláthróimid gníomhaíochtaí agus ailíniú de réir an Straitéis Náisiúnta Leabharlann Poiblí. |
| 54. | Leanfaimid ag soláthar seirbhísí for-rochtana leabharlainne, le seirbhísí soghluaiste agus digiteacha san áireamh, go pobail iargúlta tuaithe nach féidir leo cuairt a thabhairt ar leabharlanna craoibhe, le daoine gafa sa tigh agus daoine i dtithe altranais san áireamh. |
| 55. | Leanfaimid ag cur i bhfeidhm clár náisiúnta 'Right to Read' gur cur chuige seasmhach comhtháite é ag tacú le scileanna litearthachta leanaí agus daoine fásta de gach aois agus atá ag teacht le caighdeáin choitinn ar fud na tíre. |
| 56. | Beidh leabharlanna ag obair leis an Roinn Sláinte, An FSS, agus an earnáil sláinte chun leanúint ag soláthar leabhar, acmhainní ar-líne agus sraith d'imeachtaí eolais agus feasachta ag cur cúrsaí sláinte chun cinn. |
| 57. | Oibreoimid le Aoisbhá Éireann faoi phróiseas aitheantais na Leabharlann Aoisbhách, agus súil againn go mbainfidh gach craobh i gCiarraí amach stádas Aoisbhách. |
| 58. | Déanfaidh leabharlanna partnéireacht leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais agus Óige chun forbairt iomlán a dhéanamh ar an tionscnamh 'First Five Little Library' a thacóidh le gach leanbh faoi 5 a bheith ina bhall leabharlainne. |
| 59. | Cuartóimid pairtnéirí nua chun tionscadail agus cláir nua a phleanáil amach anseo a sholáthróidh seirbhís spriocdhírithe do ghrúpaí aitheanta áirithe. |

| | |
|---|---|
| 60. | Soláthróimid straitéis mhargaíochta leabharlainne a léiríonn riachtanais na bpobal éagsúil ar fud an chontae agus a dhíríonn isteach ar chumarsáid le grúpaí mionlacha, daoine nach bhfuil ag úsáid an leabharlann faoi láthair, agus pobail nua. |
| 61. | Cuirfimid feachtas margaíochta áitiúla ar fáil a dhéanfaidh bolscaireacht ar na seirbhísí éagsúla a chuireann Leabharlann Chiarraí ar fáil, agus é dírithe ar chur le lucht úsáide agus ballraíochta na leabharlainne. |
| 62. | Beimid páirteach i dtionscnaimh náisiúnta dírithe ar chur chun cinn úsáid leabharlainne feadh an tsaoil. |
| 63. | Glacfaidh baill d'fhoireann na leabharlainne le deiseanna curtha ar fáil ag an earnáil chun traenáil a dheanamh timpeall ar chúrsaí margaíochta agus cumarsáide. |
| 64. | Ag teacht leis an straitéis náisiúnta leabharlainne, reachtálfar Lá Oscailte Leabharlainne bliantúil chun poiblíocht a dhéanamh ar gach a chuireann an leabharlann ar fáil. |

**Gníomhaíochtaí 65 – 81**

Táid seo ag plé le:

(i) Traenáil foirne, scilbhisiú agus oideachas gairmiúil leabharlainne

(ii) Tomhas agus measúnú ar an bplean thar a chúig bhliana

# CÉIMEANNA

- Faofa ag an gCoiste Polasaí Straitéiseach um Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (10 Samhain 2023)
- Curtha os comhair an Chomhairle Iomlán (20 Samhain 2023)
- Le Seoladh Q1, 2024